

# Gaeilge sa lá atá inniu ann/ Staid na Gaeilge faoi

## Iáthair - 2015

Ba í an Ghaeilge **ársa** (ancient), teanga na gCeilteach, a tháinig go hÉirinn sa **3ú agus 4ú aois** (3rd and 4th century), **bunús** (basis) na Gaeilge atá againn inniu. Tá an Ghaeilge tar éis maireachtáil ós cionn 2,000 bliain – í ag seasadh trí **ghorta** (famines), bochtanas, **galair**(diseases), **ainneart na Sasanach** (English oppression). Cé go bhfuil **a bás á fógairt leis na cianta** (her death has been declared/predicted for years) tá sí fós beo, í ag athrú agus ag **forbairt** (develop) i gcónaí. Tá suntas ag baint le stair na Gaeilge - taispeánann sí cumhacht agus láidreacht mhuintir na hÉireann in **uair na cinniúna** (time of tragedy), i dtréimhsí deacra. Ceapaim go dtugann an Ghaeilge, léargas difriúil, speisialta ar an saol in Éirinn – go dtugann sé tuiscint níos leithne, níos **doimhne** (deeper) ar ár gcultúr stairiúil agus dár ndóigh, ar ár n-**oidhreacht** (heritage). Cén mhaitheas foghlaim trí Bhéarla faoin bPíarsach (Patrick Pearse), fear a fuair bás ionas go mbeadh saoirse ag muintir uile na hÉireann Gaeilge a labhairt. Is mór an **náire** (embarrassment) é i mo thuairimse pearsanta féin. Le **forbairt na teicneolaíochta**(developments in technology), athruithe sa chóras oideachais agus sa **tsochaí** (society) tá ról na Gaeilge tar éis athrú le blianta beaga anuas. San aiste seo déanfaidh mé plé ar an ról ata ag an nGaeilge san oideachas, sna méain srl., chomh maith le caomhnú na Gaeilge agus todhchaí an teanga sna blianta atá romhainn.

Táimse an-phaiseanta faoi ról na Gaeilge sa chóras oideachais. Cloistear an gearán go **mionminic** (often) faoin nGaeilge mar ábhar éigeantach agus ba cheart fáil réidh léi. Tuigim dearcadh na ndaoine seo ach ceapaim gur buntáiste mhór í an Ghaeilge bheith mar chuid den chúrsa Ardteiste agus den tSraith Shóisearach. Ach aontaím go gcaithfear dul i ngleic leis an ábhar sa bhealach ceart agus go gcaithfear **athleasaithe** (reforms/amendments) a dhéanamh sa churaclam Gaeilge ionas go **bhfeileann** (suits) sé don **aos óg** (young people). Ní bhíonn **úrscéalta** (novels) nó filíocht an churaclaim bunaithe ar théamaí a bhfuil suim ag an aos óg iontu – ar nós an **feimineachas** (feminism), téamh domhanda, popcheol, faisean srl. Chomh maith céanna bíonn ar dhaltaí aistí nó díospóireachtaí a scríobh faoi thopaicí ar nós fadhbanna an chóras sláinte, saol na hoibre rl. – rudaí nach bhfuil cur amach acu orthu. **Táim den tuairim** (I am of the opinion) dá mbeadh an t- ábhar níos dírithe ar **spéiseanna na linne seo** (interests of this generation), bheadh

scoláirí níos oscailte dó. Ceapaim go bhfuil cumhacht mór ag an nGaeilge, i mo thuairimse pearsanta féin. Is féidir leis **d'aitheantas mar Éireannach a neartú** (strengthen your identity as an Irish person), mar sin ceapaim gur fiú í a bheith mar ábhar éigeantach. Bheinn buartha dá mbeadh an Ghaeilge i measc na n-**ábhar roghnach** (choice subjects), bheadh sí **ag comhrac** (in competition) leis an gceol, tíreolas, adhmadóireacht srl. le háit a fháil ar an **amchlár** (time table). Níor mhaith liom go gcaillfeadh daoine amach ar an seans a **dteanga dhúchais** (native language) a fhoghlaim.

Ach ní scéal iomlán diúltach é, tá ós cionn 370 scoileanna lánGhaeilge – sin bunscoileanna agus **iar-bhunscoileanna** (post-primary/secondary schools) a **fheidhmíonn** (function) trí mheán na Gaeilge ar oileán na hÉireann. Cabhraíonn na scoileanna seo leis an nGaeilge a chur chun cinn i mbealach nádúrtha, ionas go mbainfidh scoláirí úsáid as an teanga ina **saol laethúil** (daily life). Cabhraíonn na scoileanna seo le páistí a spreagadh chun Gaeilge a labhairt , ach go háirithe i **gceantair uirbeacha, nuafhorbartha** (urban newly-developed areas). Tá deis iontach ag na scoileanna seo meon daltaí agus tuismitheoirí i leith na Gaeilge a chasadh ar a cheann agus a thaispeáint gur teanga bheomhar, nua –aimseartha í seachas an teanga mharbh go ndéantar tuairisciú uirthi. Má tá an Ghaeilge le teacht slán beidh ról lárnach ag an **earnáil** (sector) seo agus ní féidir an méid seo a shéanadh. .

Ar ndóigh tá na meáin agus an nua- theicneolaíocht mar chuid de shaol laethúil na linne seo agus mar sin tá sé tábhachtach go mbaintear gach úsáid as na **foinsí** (sources) seo chun daonra na teanga a mhéadú. Tá TG4 **ar an bhfód** (on the scene) le breis is fiche bliain agus tá an stáisiún beag sin tar éis chuile clár teilifíse **féideartha** (possible) a chur ar fail trí mheán na Gaeilge. Dá bharr bíonn an **cainéal** (channel) ar siúl i neart tithe ar fud na tíre, ní hamháin sna ceantair Ghaeltachta. Cuireann siad réimse ollmhór clár ar fáil ó **chláir fhaisnéise** (documentaries) go cluichí spóirt go **sobalchláir** (soaps) ar nós Ros na Rún. Tá TG4 tar éis **íomha nua-aimseartha** (modern image) don Ghaeilge a chruthú don domhan. Mar thoradh, mealltar daoine ó gach cearn den domhan an teanga a fhoghlaim agus nach iontach an deis í dóibh .

Le blianta beaga anuas, tá iarracht mhacánta déanta ag an Rialtas agus eagraíochtaí ar nós Conradh na Gaeilge an teanga a chaomhnú. Tá siad buartha go bhfuil an teanga ag **dul i meath** (decaying/declining) agus go bhfuil drochmheon á léiriú go forleathan i dtaobh na Gaeilge. Dá

bharr seo cuirtear imeachtaí ar fáil trí ghaeilge, eagraítear **léirsithe** (demonstrations) is ceolchoirmeacha, cuirtear grúpaí óige ar fáil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge - déantar gach iarracht an Ghaeilge a chur chun cinn chomh maith le grá a mhúscailt i measc an aos óig dá dteanga dúchais. Chomh maith le seo freastlaíonn breis is 25,000 déagóir ar choláistí samhraidh in aghaidh na bliana. Ach fós, **in ainneoin** (despite) **na n-iarrachtaí** (efforts) seo ní labhraíonn ach 73,000 daoine as breis is 4 milliún an Ghaeilge go laethúil. Chun **peirspictíocht** (perspective) a thabhairt dó sin, sin níos lú ná 0.019%. Cé go bhfuil níos mó daoine ag labhairt Gaeilge inniu ná mar a labhair i rith aimsir an Ghorta Mhoir, tá amhras fós ann faoi thodhchaí na teanga.

Níl aon dabht ná go bhfuil todhchaí na teanga **idir dhá cheann na meá** (hanging in the balance), sa Ghaeltacht ach go háirithe. Níl a fhios againn céard atá i ndán don teanga – an mbeidh sí fós thart i gceann daichead nó caoga bliain. Nó an dtiocfaidh ardú suntasach ar líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge sna blianta amach romhainn. Má tá an cheist **fhadfhulangach** (long-suffering) faoi Éire Aontaithe á plé (a bhraith beagnach **samhailteach** (imaginary) 30 bliain ó shin) b'fhéidir go bhfuil seans go dtiocfaidh **athbheochan** (revival) ollmhór ar an nGaeilge . Ach má theastaíonn uainn go mbláthóidh an teanga, caithfimid ar fad **saoránaigh** (citizens) agus stát gach iarracht a dhéanamh an teanga a **chaomhnú** (conserve/protect), don chéad ghlúin eile. Cuimhnigh gurb í an Ghaeilge **seoid** (jewel) luachmhar ár gcultúir.